**CINNEADH (CBES) 2026/1715 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 13 Iúil 2026**

**lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/2081**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 33, i gcomhar le hAirteagal 31(2), de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Iúil 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/2081 ([1]) lena gceaptar Luigi SORECA mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin. Tá sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh le dul in éag an 31 Lúnasa 2026.

(2) Ba cheart síneadh 24 mhí a chur le sainordú ISAE agus ba cheart méid tagartha airgeadais nua a bhunú don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2026 go dtí an 31 Lúnasa 2028.

(3) Cuirfidh ISAE an sainordú chun feidhme i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh iad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/2081 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*

**Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh**

1. Leis seo, ceaptar Luigi SORECA mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin ón 1 Meán Fómhair 2024 go dtí an 31 Lúnasa 2026.

2. Cuirtear síneadh le sainordú Luigi SORECA mar ISAE don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin ón 1 Meán Fómhair 2026 go dtí an 31 Lúnasa 2028.

3. Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh go ndéanfar sainordú ISAE a fhoirceannadh níos luaithe, ar bhonn measúnú ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála agus ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí").';

([1]) Cinneadh (CBES) 2024/2081 ón gComhairle an 26 Iúil 2024 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin (IO L, 2024/2081, 29.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2081/oj).

(2) cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 5(1):

‘Is é EUR 9 220 000 an méid tagartha airgeadais atá beartaithe chun an caiteachas a bhaineann le sainordú ISAE don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2026 go dtí an 31 Lúnasa 2028 a chumhdach.’;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

‘*Airteagal 13*

**Aistriú ar chearta**

Chun a áirithiú go n-urramófar gealltanais dhlíthiúla arna ndéanamh ag na ISAEnna a bhí ann roimhe seo don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin maidir lena mbaill foirne agus le soláthar oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí agus le talamh, foirgnimh nó maoin dhochorraithe eile a fháil ar cíos, tiocfaidh ISAE i gcomharbas ar na ISAEnna sin a bhí ann roimhe seo agus glacfaidh sé nó sí cearta agus oibleagáidí na ISAEnna sin a bhí ann roimhe seo air nó uirthi féin, cé is moite d’oibleagáidí a eascraíonn as mí-iompar tromchúiseach as a leanfaidh na ISAEnna sin a bhí ann roimhe seo amháin de bheith freagrach.’;

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

‘*Airteagal 14*

**Athbhreithniú**

Déanfar athbhreithniú tráthrialta ar chur chun feidhme an Chinnidh seo agus ar a chomhsheasmhacht le rannchuidithe eile ón Aontas leis an réigiún. Gach bliain, cuirfidh ISAE tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn faoi bhráid na Comhairle, an Ardionadaí agus an Choimisiúin agus cuirfidh sé tuarascáil chuimsitheach chríochnaitheach ar chur chun feidhme an tsainordaithe faoina mbráid faoi dheireadh mhí na Bealtaine 2028.’.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Iúil 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. KALLAS